An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Na bochtáin oibre san Eoraip

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Aithnítear go ginearálta go laghdaítear baol na bochtaineachta go mór má táthar fostaithe. Mar sin féin, thit 8% den daonra fostaithe san Aontas Eorpach isteach i gcatagóir bochtáin oibre' sa bhliain 2007, rud a chiallaíonn go bhfuil ioncam níos lú ná 60% den airmheán náisiúnta acu. Éagsúlaíonn an comhréir go suntasach ar fud tíortha agus grúpaí sóisialta. I bhformhór tíortha, ní bhaineann ceist na mbochtán oibre le tosaíocht bheartais an rialtais ná na gcomhpháirtithe sóisialta, cé go n-áirítear i mbeartais ghinearálta in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta í. Cé nach bhfuil mórán fianaise de sin go dtí seo, is cosúil go bhfuil curtha isteach go mór ag an gcúlú eacnamaíochta reatha ar na bochtáin oibre.

Tá an staidéar comparáideach ar na bochtáin oibre san Eoraip bunaithe go príomh ar rannaíocaíochtaí ó shaineolaithe i 27 Ballstát de chuid an AE (AE27) chomh maith leis an Iorua, atá páirteach sa líonra de chuid Réadlann Dálaí Oibre na hEorpa [European Working Conditions Observatory] (EWCO). Is iad aidhmeanna an staidéir ná:

- léargas a fháil ar fhairsinge na bochtaineachta maidir le daoine atá ag obair sna tíortha Eorpacha ar leith agus tréithe na ndaoine sin atá buailte leis;
- staidéar a dhéanamh ar na beartais i bhfeidhm a théann i ngleic leis an bhfadhb maidir le daoine fostaithe ar leibhéil íseal ioncaim;
- breithniú a dhéanamh ar mheon na gcomhpháirtithe sóisialta i leith na mbochtán oibre
- éifeacht an chúlaithe eacnamaíochta reatha ar leibhéil na bochtaineachta san obair a imscrúdú.

### Comhthéacs beartais

Cuspóir suntasach de chuid Straitéise Liospóin sa bhliain 2000 ba ea eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac, a chur fís chun cinn de AE comhtháite ar bhonn sóisialta chomh maith le rathúil agus iomaíoch ó thaobh geilleagair de. Tá sé deacair do lucht déanta beartas na daoine a nglactar leo mar 'bhochtáin oibre' a aithint, ní amháin mar gheall ar easpa sonraí sonracha ach toisc go gcomhcheanglaíonn an coincheap dhá leibhéal anailíse chomh maith: stádas fostaíochta daoine aonair (an leibhéal aonair) agus stádas ioncaim a dteaghlaigh, atá faoi bhun na tairsí bochtaineachta (an leibhéal comhchoiteann).

Ar mhaithe leis an staidéar seo, tá an sainmhíniú a úsáidtear mar an gcéanna leis an sainmhíniú a úsáideann an Coimisiún Eorpach. Dá réir seo, is iad na bochtáin oibre iad siúd atá fostaithe ar feadh níos mó ná leath na bliana agus a bhfuil ioncam indiúscartha acu a chuireann i mbaol bochtaineachta iad. Tomhaistear ioncam i gcoibhneas leis an teaghlach ina maireann duine agus áirítear ioncam de chuid baill uile an teaghlaigh, a roinntear eatarthu tar éis é a athrú le haghaidh méid agus comhdhéanamh an teaghlaigh. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go nglactar leis go bhfuil an t-ioncam coibhéiseach céanna ag fear agus bean ag maireachtáil sa teaghlach céanna is cuma cad é a dtuilleamh aonair.

### Príomhthátail

Ag baint úsáide as sonraí ó Staitisticí an AE ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC) don bhliain 2007, a bhaineann leis an staid a bhí ann in 2006, fuair an tuarascáil go raibh 8% den daonra in aois fostaíochta (18 mbliana agus os cionn) ag obair ach ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta. Léiríonn an Ghréig (14%), an Pholainn (12%), an Spáinn (11%) chomh maith leis an Iodáil, an Laitvia agus an Phortaingéil (10% an ceann) na rátaí is airde maidir le bochtaineacht san obair, fad is a thuairiscíonn Poblacht na Seice (3%), an Bheilg, an Danmhairg agus Málta(4% an ceann) na rátaí is ísle.

Tá líon na mbochtán oibre laghdaithe i roinnt Ballstát (an Eastóin, Éire, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, agus an tSualainn), fad is atá sé méadaithe i 10 dtír (an Ostair, an Chipir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Laitvia, an Pholainn, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe). Toisc gur tháscaire

coibhneasta é, ceadaíonn an ráta bochtaineachta san obair do chomparáid idir thíortha ina bhfuil an tairseach na bochtaineachta an-difriúil. Mar shampla, sa bhliain 2007, is é an tairseach iomlán atá i mbaol na bochtaineachta ná €1,494 in aghaidh na míosa i Lucsamburg, ach €74 sa Bhulgáir. Dá réir sin, léirítear go bhfuil ráta bochtán oibre os cionn an mheáin ag Lucsamburg (9%) fad is atá ráta faoi bhun an mheáin ag an mBulgáir (5%).

Cé nach bhfuil daoine fostaithe nochta chomh mór céanna do bhaol na bochtaineachta ná mar atá daoine dífhostaithe nó scortha, is comhréir suntasach de na daoine atá i mbaol na bochtaineachta iad, toisc go bhfuil cuid mhór den daonra atá in aois fostaíochta (15-64 bliana) i mbun oibre: 65% san AE27, de réir Eurostat.

I measc na bpríomhthosca chun measúnú a dhéanamh ar cibé an dóchúil go mbeidh duine i measc na mbochtán oibre áirítear gnéithe pearsanta (inscne, aois agus oideachas), tréithe teaghlaigh (duine singil, teaghlaigh le nó gan leanaí cleithiúnacha) agus tosca gairme (míonna oibrithe in aghaidh na bliana, stádas gairmiúil, obair lánaimseartha nó páirtaimseartha, cineál conartha fostaíochta). De réir an taighde, fir agus daoine óga is mó atá i mbaol, fad is a bhaineann leibhéal oideachais íseal le méadú cúig huaire sa bhaol go mbeifear i measc na mbochtán oibre, i gcomparáid le hoibrithe le hardleibhéal oideachais.

Téann roinnt beartas i ngleic le bochtaineacht san obair i bhfoirm íocaíochtaí aistrithe agus sochair shóisialta éagsúla. Is féidir leo bearta fioscacha a áireamh, cosúil le sochair nó creidmheasanna cánach san obair a íoctar le daoine a bhfuil tuilleamh faoi bhun leibhéal áirithe acu; beartais mhargaidh saothair, cosúil le íosphánna, beartais phá i gcoitinne, sochair dífhostaíochta, cúnamh dífhostaíochta agus sochair tosaithe agus/nó beartais teaghlaigh. In ar a laghad 10 dtír – an Bheilg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Iorua, an Spáinn, an Pholainn agus an Riocht Aontaithe – tá beartais dírithe go hiomlán nó i bpáirt ar a laghad ar theaghlaigh. Déanann an tuarascáil measúnú ar éifeachtacht na mbeart seo.

I bhformhór tíortha an AE, is tosaíocht bheartais í dífhostaíocht a chomhrac agus/nó fostaíocht a mhéadú, toisc go meastar gurb í an dífhostaíocht an phríomhchúis atá le bochtaineacht. Féadfaidh coimhlint teacht chun cinn áfach, má tá cruthú post ar chaighdeán íseal agus tagann méadú ar ráta na mbochtán oibre dá bharr. D'aithin na tuarascálacha náisiúnta ón nGréig, ó Éire, ón tSlóivéin agus ón Riocht Aontaithe an fhadhb sin, le difríochtaí i dtuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta maidir leis an gceist úd.

I mórán tíortha, is dóchúil go bhfuil méadú tagtha ar chomhréir na bochtaineachta san obair le linn an chúlaithe eacnamaíochta, nó go bhfuil meath tagtha ar staid na mbochtán oibre. I measc tosca a d'fhéadfadh tús a chur le méadú i líon na mbochtán oibre le linn an chúlaithe eacnamaíochta áirítear gearradh siar ar phá, laghduithe san am oibre, dífhostaíocht mhéadaithe – a chuireann isteach ar theaghlaigh chomh maith – agus ciorruithe sa chaiteachas stáit. Léiríonn an taighde, áfach, nach bhfuil aon bhearta beartais áirithe curtha i bhfeidhm, i thart ar dhá thrian de Bhallstáit an AE, chun tionchar féideartha an chúlaithe ar na bochtáin oibre a laghdú.

Léiríonn faisnéis atá ar fáil le haghaidh roinnt Ballstát gur ceardchumainn is mó a thugann faoi fhadhbanna a bhaineann leis na bochtáin oibre. Tá tograí soiléire curtha ar fáil ag ceardchumainn sa Bhulgáir, in Éirinn, i Lucsamburg, san Iorua, sa Phortaingéil, agus sa Rómáin i leith conas líon na mbochtán oibre agus/nó na n-oibrithe ar phá íseal a laghdú.

## Leideanna beartais

- Caithfidh rialtais agus na comhpháirtithe sóisialta dul i ngleic níos mó le ceist na mbochtán oibre agus ba chóir taighde níos mionsonraithe a dhéanamh ar an ábhar.
- Tá gá le tograí beartais chun oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh d'fhonn líon na mbochtán oibre a laghdú.
- Cé go meastar go ginearálta gur céim dhearfach atá i gceist le híosphánna, tá sé tábhachtach an leibhéal is fearr a bhaint amach chun éifeacht diúltach ar chruthú post a sheachaint.
- Go ginearálta, tá sé léirithe go laghdaíonn aistriú sóisialta cosúil le sochair slándála shóisialaí baol na bochtaineachta go héifeachtach, in ainneoin go mbaineann sé le gráid éagsúla sna tíortha difriúla.
- De bharr go bhfuil sé níos dóchúla go mbeadh daoine sa gheilleagar neamhfhoirmiúil i measc na mbochtán oibre mar thoradh ar na drochdhálaí oibre agus an pá íseal a bhaineann leis an gcineál oibre seo, caithfidh rialtais a gcuid iarrachtaí a mhéadú chun obair neamhdhleathach a laghdú.
- Tá gá le bearta sonracha, deartha chun drochthionchar na géarchéime geilleagraí ar na bochtáin oibre a laghdú, a forbairt agus a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil ar *Na bochtáin oibre san Eoraip* [*Working poor in Europe*] ar fáil ar líne ag
http://www.eurofound.europa.eu/ewco/studies/tn0910026s/index.htm

Camilla Galli da Bino, Oifigeach Faisnéise
gdb@eurofound.europa.eu